An Chomhairle Náisiúnta
um Oideachas Speisialta
National Council
for Special Education

# Tacaíochtaí Áiseanna Amhairc laistigh de Thimpeallacht Foghlama Ionchuimsitheach



An Chomhairle Náisiúnta
um Oideachas Speisialta
National Council
for Special Education

Tá an obair seo ceadúnaithe faoi Cheadúnas Idirnáisiúnta Admhála Neamhthráchtála

Creative Commons – ShareAlike 4.0

Cheadúnas Idirnáisiúnta

©AN CNOS 2024

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

2 Sráid an Mhuilinn, Páirceanna an Bhaile Theas, Baile Átha Troim, Contae na Mí

Gréasán: www.ncse.ie

D'fhorbair Teiripeoirí Saothair Sinsearacha an acmhainn seo agus iad ag obair leis an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (an CNOS) i gcomhar le comhghleacaithe Teiripe Saothair agus Oideachasóra. Bunaítear ábhar an leabhráin ar fhianaise thaighde agus ar thaithí ghairmiúil na dteiripeoirí ar obair i scoileanna.

I measc na hacmhainne, tá eolas, straitéisí agus acmhainní chun cabhrú le múinteoirí ábhair amhairc a úsáid chun tacú le cumarsáid agus le rannpháirtíocht scoláirí ar scoil.

*Amhail ó 2024, agus chomh fada agus is eol dúinn, úsáidtear friotal sa cháipéis seo agus spreagtar cleachtas inti atá ar aon dul leis an taighde agus leis an bhfianaise reatha. Aithnímid go bhféadfadh an friotal, an cur i bhfriotal agus an téarmaíocht a cheaptar atá ina ndea-chleachtas ag an tráth seo athrú amach anseo agus go leanfar le dícheall a dhéanamh an friotal agus an cleachtas is déanaí atá ar fáil a chur san áireamh i leaganacha amach anseo d'acmhainní Teiripe an CNOS.*

Tá leaganacha digiteacha de go leor de na teimpléid amhairc a thugtar chun solais san acmhainn seo ar fáil ar chlár biorán fíorúil (Padlet) agus is féidir teacht air tríd an gcód mearfhreagartha seo:

# Clár Ábhar


| | |
|---|---|
| Réamhrá | 2 |
| Cén fáth a bhfuil Ábhair Amhairc chomh Tábhachtach? | 3 |
| Saghsanna Tacaíochtaí Ábhair Amhairc | 4 |
| Cur Chuige Uile-Scoile i leith Tacaíochtaí Amhairc | 8 |
| An Moladh is Fearr chun Tacaíochtaí Amhairc a Chur i bhFeidhm | 11 |
| Tagairtí | 12 |





© CNOS 2024

# Réamhrá

Is éard is cumarsáid ann ná a bheith ábalta teachtaireachtaí a sheoladh agus a thuiscint trí theanga nó trí chóras coiteann comharthaí, siombailí nó iompair, ar mhaithe le cuspóirí fisiciúla, mothúchánacha nó sóisialta (an tIontaobhas Cumarsáide 2013). Feidhmíonn cumarsáid laistigh de chomhthéacs an oideachais mar an bhunchloch chun teacht ar an gcuraclam agus chun tabhairt faoi. Tá cumarsáid ríthábhachtach ar mhaithe le folláine scoláirí agus le hiad a ullmhú don saol (Kearns et al, 2015).

Tá baint lárnach ag tacaíochtaí amhairc le Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim (UDL), Cur Chuige Cumarsáide Iomláine (TCA), agus le timpeallacht ionchuimsitheach foghlama a chruthú. Is éard a bhaineann le TCA ná gach modh cumarsáide a shamhaltú, a ghlacadh agus a bhailíochtú, comharthaí láimhe, earraí, gothaí, siombailí agus gléasanna ina measc. Tá TCA dearfach i dtaobh néara-éagsúlachta agus tagann sé le samhail shóisialta an mhíchumais. Déanann sé uileghabhálacht a chur chun cinn, tá sé duinelárnach agus cuireann sé le láidreachtaí reatha. Cuireann TCA ar chumas scoláirí a bhfuil deacrachtaí cumarsáide acu a mothúcháin a léiriú, fíorpháirt a ghlacadh in idirghníomhú, roghanna a dhéanamh, an méid atá á rá leo a thuiscint, na rudaí a theastaíonn uathu, a riachtanais agus a roghanna féin a chur in iúl agus caidreamh a fhorbairt, a bhfuil gach ceann díobh mar chuid de Bhille na gCeart Cumarsáide (Brady et al., 2016).





© CNOS 2024


# Cén fáth a bhfuil Ábhair Áiseanna Amhairc chomh Tábhachtach?

Is éard atá i gceist le 'tacaíochtaí amhairc' nó le 'ábhair amhairc' ná earraí, grianghraif, comharthaí, siombailí nó pictiúir a úsáid ar bhealach a thacaíonn le tuiscint, léiriú agus ionchuimsiú sóisialta agus rannpháirtíocht.

Nuair a chuirtear ábhair amhairc i bhfeidhm i ngach seomra ranga agus a roinntear iad mar chuid de Chur Chuige Cumarsáide Iomláine (TCA), tacaíonn siad le timpeallacht foghlama ionchuimsitheach a chruthú agus a chur chun cinn ina dtugtar tacaíocht níos fearr do scoláirí le tuiscint agus cumarsáid a dhéanamh i gcaitheamh an lae. Cuirtear roinnt bealaí léirithe agus rannpháirtíochta ar fáil san fhoghlaim agus i mbeatha na scoile.

Ba cheart foirmeacha éagsúla de thacaíochtaí amhairc a chur san áireamh, mar shampla; sceidil amhairc ranga iomláin, sceidil shaincheaptha aonair, cláir roghanna, cláir chumarsáide etc.

Tacaíonn ábhair amhairc le GACH scoláire. Is féidir leis na hábhair amhairc a chuirimid i bhfeidhm do scoláirí a bhfuil riachtanais bhreise acu dul chun tairbhe gach scoláire i seomraí ranga agus ba cheart iad a úsáid mar straitéis uilíoch ranga uile. Tugtar le fios go n-úsáideann scoláirí nach bhfuil riachtanais bhreise tacaíochta acu amchláir amhairc chomh minic leo siúd a bhfuil riachtanais bhreise acu (Rutherford et al., 2020). Thug scoláirí príomhshrutha bunscoile le fios laistigh den taighde céanna gur chabhraigh ábhair amhairc lena neamhspleáchas, gur chruthaigh siad níos mó intuarthachta sa lá scoile agus, ar an gcaoi sin, ní raibh siad chomh spleách céanna ar mhúinteoirí seomra ranga ag amanna aistrithe.





© CNOS 2024

# Saghsanna Tacaíochtaí Ábhair Áiseanna Amhairc

Is féidir réimse earraí a úsáid mar thacaíochtaí ábhair amhairc. I measc roinnt de na siombailí a úsáid de ghnáth, tá:



Earra Fíor



Grianghraf d'Earra Fíor



Siombail nó líníocht

LIATHRÓID

Focal Clóite nó Scríofa



Comhartha Láimhe: Liathróid

Roimhe seo, cheapamar gurbh éard a bhí sna saghsanna siombailí ná 'ordlathas' ar ghá obair tríd. Is eol dúinn anois **nach bhfuil aon ghá le tosú ag 'Earraí Fíora'** agus obair trí na saghsanna siombailí amhairc ar bhealach ordlathach.

**Cuimhnigh:** Braithfidh an saghas ábhair amhairc a roghnú a úsáideann tú le do rang ar leibhéal tuisceana do scoláirí.


## Samplaí de Thacaíochtaí Amhairc Ranga Uile

### Gnáthaimh Laethúla a Thuiscint – Sceidil Amhairc Ranga Uile

Acmhainn ríthábhachtach sa seomra ranga do gach scoláire iad sceidil amhairc chun tacú leo struchtúr a lae a thuiscint. Is féidir le comhsheasmhacht i dtaobh sceideal amhairc seomra ranga a úsáid agus tagairt dó tacú le hintuarthacht agus braistint sábháilteachta i measc scoláirí a mhéadú. Nuair a bhítear eolach ar cad a bheidh ag teacht aníos agus cathain a thiocfaidh sé aníos, is féidir leis imní a mhaolú agus cabhrú le scoláirí aistriú gan stró idir gníomhaíochtaí nó ábhair. Is fearr a éiríonn le sceideal amhairc nuair a thagraíonn múinteoirí dó go comhsheasmhach i rith an lae, go háirithe ag amanna aistrithe.



Am Ciorcail



Matamaitic



Sos Beag




Scríbhneoireacht




© CNOS 2024

## Roghanna a Dhéanamh

Déanann tacú le roghanna a dhéanamh neamhspleáchas a chur chun cinn agus tugann sé scoláirí san áireamh ar bhealach bríoch sa phróiseas cinnteoireachta. Teastaíonn cabhair ó roinnt scoláirí le roghanna a dhéanamh; is féidir le tacaíochtaí amhairc cabhrú leis na scoláirí seo a bheith ina rannpháirtithe gníomhacha ina ngnáthamh laethúil. Is féidir roghanna a thabhairt don scoláire trí úsáid a bhaint as earraí nó pictiúir. Braithfidh an méid roghanna a thugann tú do scoláire ar a leibhéal tuisceana. Féach na teimpléid shamplacha de chlár roghanna:




## Aistrithe a Dhéanamh

Cuid mhór de gach lá scoile iad aistrithe. Is féidir le hábhair amhairc tacú le scoláirí aistriú ó ghníomhaíocht amháin go dtí an chéad cheann eile. Is féidir leo intuarthacht a mhéadú agus is féidir iad a úsáid roimh, i rith agus i ndiaidh aistriú. Is féidir le húsáid a bhaint as áiseanna amhairc, cosúil le hamadóirí gainimh agus stráicí comhairimh síos cabhrú le scoláire fios a bheith acu go bhfuil aistriú ag teacht aníos agus cathain súil a bheith leis go dtarlóidh sé.











© CNOS 2024

## Cláir ‘Anois-Níos Déanaí’ agus ‘Anois-Níos Déanaí-Ina Dhiaidh Sin’

Is féidir le cláir ‘Anois-Níos Déanaí’ agus ‘Anois-Níos Déanaí-Ina Dhiaidh Sin’ a úsáid tacú le scoláirí aonair a bhaineann tairbhe as tascanna a bhriseadh síos agus a dteastaíonn cabhair uathu chun aistriú ó thasc amháin go ceann eile. Úsáidtear iad le heolas roinnt faoi aistriú chuig/ó ghníomhaíocht, áit nó ceacht. Níor cheart iad a úsáid le comhlíonadh a spreagadh nó mar ‘clár tuillimh’. Is féidir leis a bheith áisiúil clúdach litreach/bosca ‘críochnaithe’ a úsáid chun tacú le scoláire a thuiscint gur cuireadh gníomhaíocht i gcrích sula dtosaítear an chéad tasc eile.





© CNOS 2024

## Ábhair Áiseanna Amhairc do Dhoirse Seomra Ranga


Bealach éifeachtach le hintuarthacht níos mó a chruthú do GACH scoláire é grianghraf den mhúinteoir agus den Chúntóir/na Cúntóirí Riachtanas Speisialta (CRS) ábhartha a chur ar dhoras sheomra ranga. Baineann go leor scoláirí tairbhe as a bheith eolach ar ní hamháin cad a bheidh ag tarlú ina lá ach CÉ a bheidh ann freisin. Is féidir é seo a nuashonrú gach lá má thagann athrú ar an bhfoireann. Mar shampla, má dhéanann ball foirne postroinnt nó má tá siad as láthair ón scoil. Cinntíonn seo go dtosaíonn scoláirí an lá agus súil acu le rudaí. Is féidir leis an saghas seo de threochomharthaíocht scoláirí nua agus cuairteoirí a spreagadh a gcinn scríbe a aimsiú, an áit a bhfuil siad a thuiscint agus fios a mbealaigh a bheith acu go neamhspleách.








Samplaí d'ábhair amhairc do múinteoirí ar fud na scoile uile




## Ag Tacú le Neamhspleáchas

Is féidir le hábhair amhairc a úsáid chun gach céim de ghnáthamh a léiriú cabhrú le scoláirí neamhspleáchas a fhorbairt i ngnáthaimh féinchúraim a bhfuil cur amach acu orthu, e.g. gnáthamh níocháin lámh, gnáthamh úsáide leithris, gnáthamh gléasta nó tascanna seomra ranga. Is féidir le hábhair amhairc a bheith ar fáil lena thaispeáint do scoláirí cad a bheidh ag tarlú ina dhiaidh seo strus agus imní a laghdú mar gheall go gcuireann siad intuarthacht ar fáil don tasc.



Cas an t-uisce | Fliuch do lámha | Cuir gallúnach ar siúl ar do lámha | Cuimil do lámha | Sruthlaigh do lámha | Stop an t-uisce | Triomaigh do lámha



© CNOS 2024

## Gnáthaimh a Bhriseadh Síos

Tacaíocht éifeachtach ranga uile é ábhair amhairc a sholáthar a bhriseann gnáthaimh síos. Is féidir leis na hábhair amhairc seo tacú le scoláirí sraith na ngnáthamh laethúil a thuiscint, imní a laghdú agus intuarthacht agus neamhspleáchas a mhéadú. Faoi mar a bhíonn i gceist le gach tacaíocht amhairc sa seomra ranga, d'fhéadfaidís seo a bheith bunriachtanach i measc roinnt scoláirí i do rang ach tairbhiúil i measc go leor eile freisin.

Sa sampla seo, tacaítear leis an scoláire le gnáthamh an mhéid a dhéanann siad a thuiscint nuair a thagann siad ar scoil ar maidin. Is féidir leo siombail 'cóta' a bhaint as a sceideal agus é a chur os cionn an chrúca tar éis dóibh a gcóta a chrochadh. Cuireann siad a mbosca lóin ansin isteach sa chiseán agus cuireann siad an tsiombail óna sceideal ar ábhar amhairc a fhreagraíonn di ar a gciseán. Déanann siad an rud céanna nuair a chrochann siad a mála. Ag deireadh an lae, is féidir tacú leis an scoláire gnáthamh an mhéid a dhéanann siad a thuiscint nuair atá siad ag dul abhaile trína mhalairt a dhéanamh – na pictiúir a chur ar ais ar a sceideal de réir mar a thugann siad na tascanna chun críche chun go mbeidh sé réidh don chéad mhaidin eile.

**Gnáthamh na Maidine**




## Ionchais a Thuiscint


Is féidir le hábhair amhairc cabhrú le scoláirí an méid a mbítear ag súil leis go ndéanfaidh siad a thuiscint; mar shampla, nuair atá siad ag feitheamh lena mbabhta. Tacaíonn ábhair amhairc le scoláirí freisin le hionchais a thuiscint maidir le cásanna áirithe; mar shampla, ionchais an mhéid is féidir leo a dhéanamh nuair a bhíonn an spás ciúin á úsáid acu.

**Ag Feitheamh**




**An Spás Ciúin a Úsáid**

| | |
|---|---|
| 1 | 1 dhuine san am |
| 2 | Socraigh an t-amadóir |
| 3 | Roghnaigh straitéis |
| 4 | Úsáid an straitéis go ciúin |
| 5 | Glan suas agus fill ar an ngrúpa |






© CNOS 2024

# Cur Chuige Uile-Scoile i leith Tacaíochtaí Áiseanna Amhairc

De réir mar a ghabhann scoláirí tríd an scoil, mar a aistrítear ó rang go rang, d'fhéadfadh na saghsanna tacaíochtaí amhairc ina seomra ranga a bheith an-éagsúil óna chéile gach bliain agus is minic go gcuireann gach múinteoir tacaíochtaí amhairc i bhfeidhm ar bhealach éagsúil. Iarrann seo ar an scoláire tacaíochtaí amhairc a fhoghlaim, agus a athfhoghlaim, gach bliain. D'fhéadfadh seo moill a chur ar na hábhair amhairc a thuiscint, a bheith bríoch, agus a gcuspóir beartaithe do scoláirí a shásamh. D'fhéadfadh sé a bheith cabhrach cáipéis/prótacal treorach scoile comhsheasmhach maidir le tacaíocht amhairc a fhorbairt chun go ndéantar ábhair amhairc a chaighdeánú ar fud na scoile iomláine. Cinntíonn seo nach n-iarrtar ar scoláirí na tacaíochtaí amhairc seo a athfhoghlaim nuair a athraíonn siad rang nó múinteoir.

Nuair atá treoir ag gach múinteoir lena leanúint, déantar tacaíochtaí amhairc a leabú isteach i gcleachtas scoile. Cabhraíonn seo le timpeallacht foghlama ionchuimsitheach agus thacúil a chruthú do gach scoláire. Cinntíonn pleanáil straitéiseach agus cáipéis/prótacal treorach scoile comhsheasmhach maidir le tacaíocht amhairc a fhorbairt go mbainfear an tairbhe is mó as comhiarrachtaí agus as iarrachtaí carnacha múinteoirí i dtaobh tacaíochtaí amhairc a chur i bhfeidhm gach bliain. Tá sé ríthábhachtach freisin go bhfuil tuiscint chomhpháirteach ag múinteoirí oideachais speisialta agus ag CRSanna ar a bhfreagrachtaí gaolmhara i dtaobh na dtacaíochtaí siúd a chur i bhfeidhm.

Ba cheart go mbeadh treoir shonrach laistigh de cháipéis/phrótacal treorach scoile maidir le méid, cló, clómhéid, clóshuíomh, formáid agus leagan amach foriomlán an ábhair amhairc agus leibhéal léirithe (earra, grianghraf, agus siombail) tacaíochtaí amhairc ranga uile, agus tacaíochtaí amhairc a d'fhéadfaí a shaincheapadh don duine aonair. D'fhéadfaí cuntas a thabhairt chomh maith ar na hábhair amhairc chaighdeánaithe a úsáideann an scoil, cosúil le cláir roghanna nó cláir 'anois/níos déanaí'.




**Beartas Samplach Tacaíochta Amhairc**

Is féidir teacht ar cháipéis/phrótacal treorach scoile samplach sa chlár biorán a ghabhann leis an gcáipéis seo. Cuireadh an prótacal seo le chéile tar éis comhairliúcháin fhorleathana a dhéanamh idir teiripeoirí (TUT/TS), bainistíocht scoile, múinteoirí agus CRSanna.



© CNOS 2024

## Aiseolas Scoile

**D'imir tacaíochtaí amhairc a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach, de réir phrótacal na scoile, tionchar dearfach ar scoláirí:**

D'imir sé tionchar mór ar dhaltaí; tá laghdú tagtha ar imní mar gheall go bhfuil a fhios acu cad atá rompu. Níos mó neamhspleáchais.

Tá sé i bhfad níos éasca ar roinnt leanaí aistriú go dtí agus ón seomra ranga agus ó ghníomhaíocht amháin go dtí an chéad cheann eile.

Chabhraigh cláir roghanna le hiompraíocht dhúshlánach.

**Thug múinteoirí tionchair dhearfacha le fios chomh maith:**

Tagann níos lú fadhbanna aníos i rith mo lae múinteoireachta. Bíonn níos lú iompair i gceist mar gheall gurb eol do scoláirí cad atá ag tarlú.

Is féidir liom obair trí níos mó cuspóirí foghlama, agus imíonn an lá gan stró.

**Dúirt bainistíocht agus Príomhoidí scoile:**

Chuaigh ábhair amhairc chaighdeánaithe a thabhairt isteach i measc na seomraí ranga go léir ar fud na scoile chun sochair na scoláirí agus na foirne go léir.

Tá leibhéal comhsheasmhachta agus leanúnachais ann mar thoradh ar ár mbeartas tacaíochta amhairc nár bhaineamar amach roimhe seo. Tuigeann na scoláirí go léir iad agus bíonn an próiseas céanna i bhfeidhm ó bhliain go bliain.




© CNOS 2024

# An Moladh is Fearr chun Tacaíochtaí Áiseanna Amhairc a Chur i bhFeidhm

**Caighdeánaigh:**
Cinntíonn ábhair amhairc a chaighdeánú ar fud na scoile iomláine nach n-iarrtar ar scoláirí na tacaíochtaí amhairc a athfhoghlaim nuair a athraíonn siad rang nó múinteoir.



**Bí Comhsheasmhach:**
Cinntigh go n-úsáideann gach baill foirne, e.g. múinteoir ranga, CRS agus MOS (Múinteoir Oideachais Speisialta) an tacaíocht amhairc ar an mbealach céanna gach uair, go háirithe nuair a thugtar an tacaíocht amhairc isteach i dtosach.




**Déan Arís agus Arís Eile É:**
B'fhéidir gur gá an tacaíocht amhairc a úsáid agus a dhéanamh arís agus arís eile sula dtabharfar tairbhí agus éifeachtaí na tacaíochta amhairc faoi deara.



**Déan Ábhair Amhairc Idirghníomhach:**
Tagair do na tacaíochtaí amhairc agus idirghníomhaigh leo i rith an lae. Cruthaítear tacaíochtaí amhairc go ndéantar idirghníomhú leo.




**Cuir Guth na Scoláirí san Áireamh:**
Fiafraigh go leanúnach de na scoláirí faoin úsáid a bhaintear as tacaíochtaí amhairc faoi láthair agus a bhainfear astu amach anseo agus faoi conas a chuirtear i ngníomh iad. Cuir ceisteanna ar na scoláirí, cosúil le 'cén t-ábhar amhairc is bríche duitse?, 'an féidir leat a thuiscint cad is brí leis an ábhar amhairc?', 'an féidir leat an t-ábhar amhairc a fheiceáil go soiléir?'



**Déan Ábhair Amhairc Inrochtana do Chách:**
Seachain an iomarca tranglam amhairc sa seomra ranga. Cinntigh go mbíonn teacht ag gach scoláire ar ábhair amhairc, déan machnamh ar thacaíochtaí amhairc a mhéadú, clómhéideanna a mhéadú nó ar ábhair amhairc aonair a sholáthar do scoláirí a bhfuil riachtanais bhreise acu.




**Smaoinigh ar an Áit a gCuirtear Iad:**
Smaoinigh ar an áit a gcuirtear ábhair amhairc – cinntigh go mbíonn siad le feiceáil go soiléir ag gach scoláire trí iad a chur in áiteanna feiceálacha ar leibhéal na súl.



**Bíodh sé Bríoch:**
Bíodh ábhair amhairc bríoch agus feidhmiúil i gcónaí don ghrúpa ranga. Roghnaigh tacaíocht amhairc atá bunaithe ar riachtanais, ábhair spéise agus eispéiris foghlama an ghrúpa ranga.




© CNOS 2024

# Tagairtí

Brady, M.C., Kelly, H., Godwin, J., Enderby, P., agus Campbell, P. (2016). Speech and language therapy for aphasia following stroke. Cochrane *Bunachar Sonraí Athbhreithnithe Córasacha, 6. DOI: 10.1002/14651858.CD000425.pub4.*

Kearns, A., Whitley, E., Tannahill, C., agus Ellaway, A. (2015). Loneliness, social relations and health and well-being in deprived communities. *Síceolaíocht, Sláinte, Irisleabhar Leighis. 20(3):332-44. doi: 10.1080/13548506.2014.940354.*

Kristin Wiens (www.northstarpaths.com). *Arna rochtain:* https://northstarpaths.com/wp content/uploads/2020/01/9-reasons-to-use-visuals-graphic-1-scaled.jpg 27/07/2023

Rutherford, M., Lahood-Kullberg, B., Baxter, J., Johnston, L., agus Cebula, K. (2020). Pupils' views on visual timetables and labels in mainstream primary classrooms. *Good Autism Practice (GAP), 21*(2), 11-22.

The Communication Trust (2013). Listen to us: *A learning resource to support understanding of speech, language and communication needs.* Londain: The Communication Trust.






© CNOS 2024

An Chomhairle Náisiúnta
um Oideachas Speisialta
National Council
for Special Education